# Léirmheasanna Leabhar

## Faisnéis Tacaíochta

### Faisnéis chúlra

Tagann an sampla seo ó **sheomra ranga ilghráid**, ina múineann an múinteoir príomhshrutha na Naíonáin Shóisearacha, na Naíonáin Shinsearacha agus Rang a hAon. Dá bharr sin, bhí na páistí ag céimeanna difriúla dá gcuair foghlama teanga agus chuir an múinteoir an tuairim in iúl go raibh sí in ann pleanáil chuí a dhéanamh ar feadh leibhéil ranga ach torthaí foghlama a úsáid.

D'aithin na múinteoirí go léir sa scoil seo **teanga ó bhéal** mar réimse le feabhsú, agus **scileanna éisteachta** mar réimse le díriú air. Mheas siad go raibh forbairt ar scileanna éisteachta ríthábhachtach don fhoghlaim go léir agus d'aithin siad gá le rialacha sonracha maidir le héisteacht mhaith a mhúineadh go follasach do na páistí. Áiríodh leo sin féachaint sna súile ar dhaoine, éisteacht le daoine agus aird a thabhairt orthu agus iad ag caint, agus comharthaíocht choirp oiriúnach a úsáid. Infheistíodh go leor ama sna scileanna sin a mhúineadh go follasach agus a chleachtadh. Thaispeáin na múinteoirí cairt sa seomra ranga ar a raibh liosta rialacha maidir le héisteacht mhaith. Rinne na páistí an chairt a cheadú go rialta.

Taispeántar sa Sampla an próiseas a d'úsáid na páistí chun a **léirmheasanna leabhar** a fhorbairt agus a chur i láthair dá gcomhscoláirí. Tá roinnt ama caite ag an múinteoir ag cothú **meon dearfach i leith na léitheoireachta** sa seomra ranga agus tá rogha mhór leabhar ar fáil i leabharlann an ranga a úsáidtear ar bhealaí bríocha i rith na n-eispéireas foghlama. Tugann na páistí cuairt ar leabharlann an tseomra ranga go rialta agus roghnaíonn siad na leabhair is mian leo a léamh. Is tábhachtach amach is amach é go bhfuil **rogha** ar fáil, agus roghnaíonn na páistí leabhair a bhfuil spéis acu iontu agus ar mian leo a léamh. Sa Sampla seo, tugann siad a leabhar abhaile leo agus comhlánaíonn siad bileog oibre léirmheastóireachta do gach leabhar a léann siad. Baineann sin leis an méid seo a leanas a thaifeadadh:

- ainm an leabhair
- an tslí a mothaíonn siad i leith an leabhair
- an chuid den leabhar ab fhearr leo
- tuairiscí ar charachtair
- rátáil/meastóireacht ar an leabhar.

Bíonn deis ag páistí ar leithligh a léirmheas ar an leabhar a **chur i láthair** don rang iomlán. Agus sin á dhéanamh acu, baineann siad úsáid as a léirmheas leabhair críochnaithe mar threoir don mhéid a bheidh ina gcur i láthair don rang. Déanann siad cur síos ar an tslí a mothaíonn siad faoin leabhar agus pléann siad an chuid den leabhar ab fhearr leo. Iarrann siad ar a gcomhscoláirí ceisteanna a chur faoin leabhar agus freagraíonn siad na ceisteanna sin. Mar lucht éisteachta, taispeánann na páistí sa rang na scileanna a bhaineann le héisteacht mhaith agus cuireann siad ceisteanna ar pháistí faoin leabhar a bhfuil léirmheas á dhéanamh air. Leanann an múinteoir uirthi ag léiriú eiseamláir de na scileanna a bhaineann le ceistiú éifeachtach sa seomra ranga agus ag múineadh na scileanna sin go follasach.

Mar a thaispeántar san fhíseán ón Sampla seo, is léir an dul chun cinn ó rang go rang, agus is léir **na leibhéil éagsúla ceistithe agus léirmhínithe** ó na páistí. Le himeacht aimsire, thug an múinteoir faoi deara go bhfuil ceistiú na bpáistí ag athrú ó **cheistiú íseal-oird go dtí ceistiú ard-oird**. Tosaíonn na páistí ag baint leas as raon **straitéisí tuisceana** agus leabhair á léamh acu agus a léirmheasanna leabhar á gcur i láthair acu. Tá siad ag éirí cleachta ar rátáil a thabhairt do na leabhair agus ar mheastóireacht a dhéanamh orthu agus ar chúiseanna a thabhairt leis an rátáil sin. Is próiseas a bhí ann agus bíonn a gcritéir féin ag na páistí chun leabhar faoi leith a roghnú. Chuir an múinteoir in iúl gur iomaí buntáiste atá ag an gcleachtadh seo i suíomh ilghráid, go háirithe maidir leis na páistí sna naíonáin shóisearacha atá ag tosú amach ar an litearthacht, páistí a dtugann páistí sna ranganna níos sine scafláil agus treoir dóibh.

# Léirmheasanna Leabhar

## Faisnéis Tacaíochta

### Ullmhúchán i gcomhair teagaisc agus foghlama

Bhí an **idirnascacht idir snáithe** thar a bheith follasach i gcás an mhúinteora seo agus í ag ullmhú i gcomhair an teagaisc le Curaclam Teanga na Bunscoile. Bhí foghlaim i réimse snáitheanna i gcuid mhór de na heispéiris foghlama dá ndearnadh pleanáil don rang.

Maidir leis an eispéireas foghlama áirithe seo, rinne an múinteoir pleanáil do thorthaí foghlama ón snáithe léitheoireachta agus ón snáithe teanga ó bhéal in éindí. Rinne sí cur síos ar a cáipéisí pleanála mar diongbháilte agus praiticiúil, agus thaifead sí nótaí mínithe sa cháipéis. Bhí fócas foghlama aici i gcomhair gach toraidh foghlama, mar a dtugtar breac-chuntas orthu thíos. Sa snáithe **Léitheoireachta**, pleanáladh do na torthaí foghlama seo a leanas agus d'fhócas na foghlama nua:

| Toradh Foghlama (TF) | Fócas na foghlama nua |
|---|---|
| TF1: Rannpháirtíocht | Páirt a ghlacadh in éisteacht le léitheoireacht agus sult a bhaint aisti. Iad féin a aithint mar léitheoirí. |
| TF2: Inspreagadh agus rogha | Leabhair a roghnú, iad a léamh agus cumarsáid a dhéanamh fúthu i suíomh an ranga. |
| TF8: Freagairt agus intinn an údair | A smaointe agus a dtuairimí faoi na leabhair a roghnaigh siad a phlé agus a roinnt. |
| TF9: Tuiscint | Mionsonraí ón leabhar a thabhairt chun cuimhne, a phlé agus a chur in ord.<br><br>Raon **straitéisí tuisceana** a úsáid chun ciall a bhaint as na leabhair agus chun brí a chruthú uathu. |




Rinne an múinteoir pleanáil do thorthaí foghlama éagsúla ón snáithe **teanga ó bhéal** freisin ós rud é gur ó bhéal a bheadh na páistí ag cur a léirmheasanna leabhair i láthair an ranga.

| Toradh Foghlama (TF) | Fócas na foghlama nua |
|---|---|
| TF1: Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird | Spéis a léiriú i léirmheasanna leabhair páistí eile agus éisteacht leo go gníomhach. |
| TF3: Gnásanna sóisialta agus feasacht ar dhaoine eile | Cumarsáid agus idirghníomhú a dhéanamh lena chéile, labhairt os ard agus freagra a thabhairt ar cheisteanna óna gcomhscoláirí. |



# Léirmheasanna Leabhar

## Faisnéis Tacaíochta

### Measúnú

Rinne an múinteoir cur síos ar mheasúnú mar **chuid lárnach den phróiseas** agus chuir sí an gá le measúnú a dhéanamh ar pháistí ar **bhonn leanúnach** in iúl freisin. Toisc go raibh páistí ag céimeanna éagsúla dá bhfoghlaim teanga agus dá bhforbairt, tugadh scafláil dóibh chun

(a) léirmheasanna leabhair a chur i láthair ó bhéal dá gcomhscoláirí
(b) ceisteanna óna gcomhscoláirí a fhreagairt ach leas a bhaint as réimse straitéisí tuisceana
(c) éisteacht go gníomhach lena gcomhscoláirí agus ceisteanna a chur orthu agus iad ag cur léirmheasanna leabhair i láthair.


Sa sampla seo, ghníomhaigh páistí mar chainteoirí agus mar éisteoirí. Thug an múinteoir samplaí de **mheasúnú iomasach**, inar chuir na múinteoirí ceisteanna ar na páistí faoi na leabhair a léigh siad, na carachtair ab fhearr leo, an tslí a mhothaigh siad i leith an leabhair, srl. Ar an tslí sin, agus le himeacht aimsire, thug an múinteoir scafláil do na páistí chun machnamh a dhéanamh ar na leabhair agus chun a léirmheasanna leabhair féin a dhéanamh. Ba léir cineálacha measúnaithe níos sofheicthe, lenar áiríodh **idirghníomhaíochtaí pleanáilte**. Áiríodh leo sin bileog gníomhaíochtaí a bheith á comhlánú ag na páistí chun na mionsonraí agus na torthaí machnaimh seo a leanas a thaifeadadh maidir lena leabhair:

- ainm an leabhair
- an tslí a mothaíonn siad i leith an leabhair
- an chuid den leabhar ab fhearr leo
- tuairiscí ar charachtair
- rátáil/meastóireacht ar an leabhar.

Phléigh na páistí a léirmheasanna leabhair **le grúpaí beaga plé** faoi stiúir an mhúinteora. Chuir siad ceisteanna ar a chéile faoina leabhair. Leis sin, tugadh deis do na páistí an tuiscint a bhí acu ar na leabhair agus an tslí ar mhothaigh siad ina leith a chur in iúl i ngrúpa tacúil níos lú. Chruthaigh an obair sin i ngrúpaí beaga deiseanna don **phiarmheasúnú**.



Ina dhiaidh sin, rinne na páistí a léirmheasanna leabhair a chur i láthair an ranga ó bhéal agus **thug an múinteoir aiseolas rialta dóibh** faoi na scileanna a thaispeáin siad. Cuireadh deiseanna don **fhéinmheasúnú** ar fáil nuair a iarradh ar na páistí **machnamh a dhéanamh ar na scileanna labhartha agus éisteachta a thaispeáin siad**. Bhain sin le comhrá a dhéanamh le páistí, le ceisteanna a chur orthu agus le plé a dhéanamh le páistí faoina gcuir i láthair ó bhéal a rinne siad ar a gcuid léirmheasanna leabhar. Le raon éagsúil ceisteanna a spreag na páistí chun machnaimh, fiosraithe agus tuairimíochta, tugadh tacaíocht do chruthaitheacht agus do **smaointeoireacht ard-oird** na bpáistí.



# Léirmheasanna Leabhar

## Faisnéis Tacaíochta

### Machnamh

- Cén tábhacht a bhaineann le coincheap na rogha sa Sampla seo? Conas a mhothaíonn tú faoi dheiseanna a chur ar fáil do pháistí chun roghanna a dhéanamh ina gcuid foghlama? Tabhair do mheas ar eispéiris foghlama eile ina mbíonn rogha tábhachtach do pháistí.?
- Cad iad na gnéithe den chur chuige oideolaíoch a d'úsáid an múinteoir is mó a bhfuil spéis agat iontu? Cad iad na cleachtais a ritheann leat agus tú ag smaoineamh ar an tslí is fearr chun tacú le meon dearfach a bheith ag páistí i leith na léitheoireachta?
- Conas a d'fhéadfadh léirmheasanna leabhar ó bhéal cur ar chumas an mhúinteora measúnú a dhéanamh ar fhorbairt na bpáistí maidir le straitéisí léamhthuisceana?
- Tabhair do mheas ar rannpháirtíocht páistí le leabhair i nGaeilge. Cad iad na scileanna a thaispeántar sa sampla seo a d'fhéadfaí a aistriú chuig foghlaim Gaeilge na bpáistí? Conas a d'fhéadfadh an múinteoir ullmhú don fhoghlaim Ghaeilge sin?

**Le féachaint ar na físeáin a bhaineann leis an bhfaisnéis tacaíochta seo cliceáil anseo.**

